*Children's School Lives (CSL):*

*An staidéar náisiúnta fadaimseartha cohóirt ar an mbunoideachas in Éirinn*

**Réamhrá**

Tar éis próiseas tairisceana ag tús 2018, bhronn an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) an conradh le haghaidh staidéar náisiúnta fadaimseartha ar thaithí páistí sa bhunscoil in Éirinn, ar an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Cuireann an staidéar, dar teideal *Children's School Lives (CSL)* deis spleodrach agus uathúil ar fáil chun páistí a leanúint trí bhlianta na bunscoile agus an taithí sin a dhoiciméadú go mion agus foghlaim faoin taithí sin agus ón taithí sin freisin. Ar an gcaoi sin, tabharfaidh an staidéar léargas saibhir agus eolas ar thaithí páistí sa bhunscoil in Éirinn agus tabharfar léargas dúinn freisin ar an gcaoi a múnlaíonn an taithí sin scoileanna mar phobail, mar institiúidí agus mar chóras agus ar an gcaoi a múnlaíonn na scoileanna an taithí sin freisin. Cuirfidh an fhoghlaim sin go díreach le hobair CNCM ar an gcuraclam agus ar an measúnú agus cuirfidh sí bonn eolais faoin dioscúrsa níos leithne faoi chúrsaí oideachais agus faoin bhforbairt beartais.

Is iad an tOllamh Dympna Devine (Príomhthaighdeoir [PT]) agus an tOllamh Cúnta Jennifer Symonds (Comh-PT) mar aon leis an Ollamh Cúnta Seaneen Sloan (Comhthaighdeoir) atá ar fhoireann bainistíochta an staidéir. Mar chuid den struchtúr bainistíochta, tacaíonn na grúpaí seo a leanas leis an bhfoireann:


- Coiste Stiúrtha
- Painéal Comhairleach Páistí
- Painéal Páirtithe Leasmhara Fásta
- Painéal Comhairleach Idirnáisiúnta.

**Príomhghnéithe**

Seo thíos achoimre ar phríomhghnéithe an staidéir.

- Is staidéar náisiúnta ionadaíoch é in Éirinn ar pháistí ag deireadh an oideachais luath-óige agus sa bhunoideachas.
- Tá comhpháirteanna cainníochtúla agus cáilíochtúla sa staidéar.
- Beidh thart ar 4,000 páiste ó 189 bunscoil páirteach sa ghné chainníochtúil den staidéar. Laistigh de sin, beidh páistí i 14 bhunscoil cás-staidéir páirteach in iniúchadh domhain ina n-úsáidtear modhanna measctha.
- Úsáideann an staidéar dearadh fadaimseartha tras-seicheamhach le dhá chohórt páistí. Tá Cohórt A sa bhliain dheireanach den réamhscoil in 2018/2019 agus leanfar iad go bliantúil ar feadh cúig bliana go dtí go gcríochnóidh siad rang a dó. Tá Cohórt B i rang a dó in 2018/2019 agus leanfar iad go bliantúil ar feadh sé bliana go dtí go gcríochnóidh siad an chéad bhliain san iar-bhunscoil.
- Tugtar tosaíocht do ghuthanna páistí agus gach tonn sonraí á mbailiú. Cuirtear béim ar thaithí bheo na bpáistí ar scoil agus ar a n-idirghníomhaíochtaí leis an teaghlach, leis an scoil agus leis an bpobal agus idirghníomhaíochtaí iontu freisin a ghabháil, agus tá an bhéim sin le feiceáil thíos sa ghrafaic ina dtugtar breac-chuntas ar an gcreat coincheapúil atá mar bhonn agus mar taca leis an staidéar.

**Fíor 1: Creat coincheapúil an staidéir**




- Tugtar tosaíocht d'aistrithe oideachasúla sa staidéar freisin. Léirítear sin sa mhéadú ar shonraí a bhailiú agus a anailísiú maidir leis an aistriú go dtí an bhunscoil i gcás Chohórt A, agus san aistriú go dtí an iar-bhunscoil i gcás Chohórt B.

- Beidh tacar saibhir sonraí ó mhodhanna measctha ar fáil mar thoradh ar an staidéar. Ginfear é trí staidéar cainníochtúil ilfhaisnéiseora a dhéanamh ina gcuirfear suirbhéanna tomhais ar pháistí, ar mhúinteoirí agus ar thuismitheoirí arís agus arís eile i ngach comhthéacs scoile agus anailís líonra shóisialta i rith aistriú scoile. Sa chuid cháilíochtúil den staidéar, déanfar agallaimh le páistí, múinteoirí agus tuismitheoirí, agus déanfar breathnóireacht eitneagrafach ar fhoghlaim agus ar fholláine páistí i gcomhthéacsanna an tseomra ranga.
- Cuimsíonn an staidéar tacar saibhir sonraí cainníochtúla oibiachtúla freisin, mar shampla, breathnóireacht chórasach ar oideolaíocht agus taifid ar struchtúir agus ar nósanna imeachta scoile ó phríomhoidí scoile agus taighdeoirí.
- Tá sé beartaithe an chéad tonn de shonraí a bhailiú i Ráithe 1 in 2019
- Forbrófar suíomh gréasáin idirghníomhach le húsáid ag an bpobal agus ag rannpháirtithe an staidéir. Úsáidfear leathanaigh ar leithligh chun dearadh agus modhanna an staidéir a shonrú, agus chun faisnéis a sholáthar do rannpháirtithe, taighdeoirí, scoileanna agus lucht déanta beartas. Úsáidfear an suíomh gréasáin freisin chun tuarascálacha staidéir agus acmhainní do rannpháirtithe a fhoilsiú mar shampla, cóipeanna d’fhaisnéis agus d’fhoirmeacha toilithe, agus sonraí faoi phleananna bailithe sonraí.

Chun nuashonruithe a fháil ar an staidéar, lean muid ar Twitter @CSLstudyUCD.